**Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile Achomair**

## 1. Réamhrá

Is scoil chomhoideachais í Coláiste Naomh Feichín atá faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Tá 13 múinteoir agus 106 dalta sa scoil. Tá líon de chláir ag feidhmiú againn sa scoil lena n-áirítear An Teasteas Sóisearach, An Ardteist le Nasc Mhodúil, Ranganna Ceoil Teoiric agus Staidéar Tar Éis Scoile.
Tugann Tuismitheoirí/Caomhnóirí lán-tacaíochta do na scoláirí agus don Choláiste. Tá iompar ár ndaltaí ar fheabhas. Tá tinreamh roinnt scoláirí mí-shásúil agus ní mór é a fheabhsú.
Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi ina bhfuil sé i gceist againn feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí, féach ár bPlean Feabhsúcháin Scoile atá ar fáil in Oifig an Phriomhoide.

### 1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneamar féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith na bliana. Rinneamar meastóireacht ar Bhliain 1 maidir lena gcuid dtuairimí féin i leith a gcuid scileanna labhartha, scríofa, léitheoireachta agus éisteachta. Roghnaíomar iad seo toisc gur mheasamar go bhféadfadh ár scoláirí a dtorthaí foghlama a fheabhsú sna réimsí seo.
Rinneamar meastóireacht chomh maith ar thorthaí scrúduithe stát ár scoláirí.

Freisin, rinneamar meastóireacht ar thuairimí na scoláirí faoin dteagasc agus foghlaim a bhí ar siúl acu sna seomraí ranga. Rinneamar meastóireacht ar thuairimí na dtuismitheoirí ar theagasc agus foghlam a scoláirí féin sna seomraí ranga chomh maith. Rinneamar meastóireacht ar thuairim na múinteoirí maidir leis an teagasc agus foghlaim a mheas siad a bhí ag tarlú ina seomraí ranga féin agus ar na cleachtais múinteoireachta a bhaineann siad úsáid as agus iad ag múineadh.

Roghnaíomar an mheastóireacht sin ar fad a dhéanamh mar bhíomar den tuairim mar fhoireann teagaisc na scoile go bhféadfadh ár scoláirí tairbhe a bhaint as sa todhchaí, dá mbeadh foireann na scoile ar an eolas faoi na lagaíochtaí agus na láidreachtaí a bhraith pobal na scoile a bhí le sonrú sa scoil.

Tugann an tuairisc seo achoimre ar na láidreachtaí a aithníodh agus ar na réimsí a bhfuil tús áite tugtha dóibh d'fheabhsúchán.

## 2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

Bhailíomar eolas ó thuismitheoirí, ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí agus an tuairisc seo á hullmhú againn. D'fhéachamar ar ché chomh maith agus a bhí ag éirí lenár scoláirí i mBliain 1 sa scoil.
**2.1** Fuaireamar amach go bhfuil **láidreachtaí** ag ár scoil sna réimsí seo a leanas: